


# Cultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam: iniúchadh curaclaim

# Achoimre Fheidhmeach

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment






## An Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | An Réamhrá | 6 |
| 2. | Cúlra | 7 |
| 3. | Cultúr agus stair an Lucht Siúil | 9 |
| 4. | Forbairtí agus treoir idirnáisiúnta do scoileanna agus do shuíomhanna luath-óige na hÉireann | 13 |
| 5. | Reachtaíocht agus straitéisí náisiúnta | 14 |
| 8. | Conclúidí agus breithnithe | 18 |
| 9. | Na chéad chéimeanna eile | 24 |
| 10. | Tagairtí | 26 |

# Achoimre Fheidhmeach



# AN RÉAMHRÁ

I mí Mheán Fómhair 2018, d'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D., ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) iniúchadh a dhéanamh ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam, lena n-áireofaí breithniú ar an acmhainn arna soláthar ag Treoirlínte Idirchultúrtha CNCM, atá i bhfeidhm ó 2005/06. D'iarr an tAire go ndéanfaí breithniú ar an méid seo a leanas san iniúchadh:

- áit chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam reatha, ón luath-óige go dtí an tsraith shinsearach
- na treoirlínte reatha maidir le hoideachas idirchultúrtha agus acmhainní eile atá ar fáil do scoileanna i dtaca leis an Lucht Siúil
- na deiseanna atá ann cultúr agus stair an Lucht Siúil a theagasc agus an chaoi a gceanglaítear an méid sin leis na hábhair churaclaim atá ann cheana féin (litir ón Aire, 2018).

Tá an t-iarratas seo á dhéanamh i gcomhthéacs an Bhille Comhaltaí Príobháideacha, an Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas, 2018. Tá sé mar aidhm ag an mBille socrú a dhéanamh chun "cultúr agus stair an Lucht Siúil a chur san áireamh sa churaclam a mhúintear i scoileanna aitheanta sa Stát agus, chun na críche sin, an tAcht Oideachais, 1998, a leasú".

Agus freagra á thabhairt ar iarratas an Aire, déantar scrúdú i míreanna tosaigh an iniúchta ar an gcúlra agus ar na forbairtí a bhaineann le reachtaíocht, straitéisí agus treoirlínte fíorthábhachtacha an rialtais le déanaí maidir le háit agus stádas an Lucht Siúil i gcóras oideachais na hÉireann agus sa tsochaí i gcoitinne. Tá mír ghairid faoi chultúr agus stair an Lucht Siúil in Éirinn san áireamh freisin. Tugtar breac-chuntas fosta ar an treoir a chuirtear ar fáil do scoileanna agus do shuíomhanna luathbhlianta maidir le oideachas an Lucht Siúil i gcomhthéacs níos leithne an oideachais idirchultúrtha. Ina dhiaidh sin tá iniúchadh mionsonraithe ar churaclaim reatha na luath-óige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile ó thaobh na ndeiseanna atá ag páistí agus daoine óga stair agus cultúr an Lucht Siúil a bhlaiseadh agus a fhoghlaim.
I bhfianaise na míreanna níos luaithe, cuirtear conclúidí agus breithnithe ar fáil sna míreanna deiridh, mar aon leis na chéad chéimeanna eile ina leagtar amach na bealaí a bhféadfaí an obair a tosaíodh san iniúchadh a chur chun cinn.



## Cúlra

Sainmhínítear an téarma 'Lucht Siúil' san Acht um Stádas Comhionann, 2000, mar an pobal daoine dá ngairtear an Lucht Siúil go coitianta agus a shainaithnítear (acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin i bpáirt, lena n-áirítear, go stairiúil, saol fánaíochta ar oileán na hÉireann. (An tAcht um Stádas Comhionann, 2000. Alt 2(1))

I mí an Mhárta 2017, thug an Taoiseach ag an am, Enda Kenny, aitheantas foirmiúil don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith laistigh de náisiún na hÉireann. Is ionann grúpa eitneach agus daoine a bhfuil sainghnéithe áirithe i bpáirt acu fearacht cultúir, teanga, reiligiúin agus traidisiún. Is iad an Lucht Siúil an t-aon ghrúpa a bhfuil aitheantas tugtha dá n-eitneacht sa tír.

D'eisigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) páipéar taighde dar teideal 'Léiriú Sóisialta ar an Lucht Siúil in Éirinn' (*A Social Portrait of Travellers in Ireland*) i mí Eanáir 2017. De réir an taighde, seasann an Lucht Siúil amach mar ghrúpa atá go mór faoi mhíbhuntáiste i ngach gné dá saol, .i. oideachas, fostaíocht, tithíocht agus sláinte (ITES, 2017).

Tá difríocht an-mhór idir an Lucht Siúil agus daoine nach mbaineann leis an Lucht Siúil ó thaobh na céime oideachais a chuirtear i gcrích. Is í an bhunscolaíocht nó céim oideachais níos ísle an t-aon taithí oideachais atá ag an gcuid is mó den Lucht Siúil (70%). Agus leas á bhaint as Daonáireamh 2016, tugann sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh le fios:

- go raibh céim oideachais i bhfad níos lú fós á baint amach ag an Lucht Siúil i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Níor cuireadh meánscolaíocht shinsearach, nó céim oideachais níos airde, ach ar 13.3% de mhná an Lucht Siúil i gcomparáid le 69.1% den phobal i gcoitinne

- nach bhfuair beagnach seisear as gach deichniúr fear den Lucht Siúil (57.2%) níos mó ná bunscolaíocht [i gcodarsnacht ghéar leis an bpobal i gcoitinne (13.6%)]

- go raibh cáilíocht tríú leibhéal ag 167 duine de Lucht Siúil na hÉireann in 2016; b'ardú é sin ar 89 sa bhliain 2011.

Tá drochghnóthachtáil oideachais fite fuaite le hardráta dífhostaíochta, agus bhí 80.2% den Lucht Siúil gan obair in 2016 (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Tá baint idir an ardráta dífhostaíochta i measc an Lucht Siúil agus míbhuntáiste oideachasúil, chomh maith le tosca eile amhail an leithcheal a dhéantar ar an Lucht Siúil go forleathan le linn dóibh iarracht a dhéanamh dul isteach i ndomhan na hoibre ['Staidéar Sláinte Uile-Éireann maidir leis an Lucht Siúil' (*All Ireland Traveller Health Study*), 2010]. Mar atá luaite sa saothar, 'Staidéar Sláinte Uile-Éireann maidir leis an Lucht Siúil' (*All Ireland Traveller Health Study*), 2010, is beag fonn atá ar an Lucht Siúil coinneáil leis an ngnáthoideachas toisc go mbraitheann siad nach dtiocfaidh aon rud dearfach as mar gheall ar an dúrud leithcheala a dhéantar orthu tráth post a lorg. Is féidir le drochleibhéil oideachais tionchar diúltach a imirt ar mhórán gnéithe eile den saol freisin. Cuirtear in iúl i dtaighde i gcónaí go mbeidh daoine ó ghrúpaí imeallaithe timpeall na cruinne faoi mhíbhuntáiste go brách má bhaineann siad drochthorthaí oideachais amach. Má táthar chun dul i ngleic leis an éagothroime a mhothaíonn an Lucht Siúil sa tsochaí, beidh sé an-tábhachtach aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachais an Lucht Siúil. Tá an dearcadh seo ag teacht go láidir leis an tuarascáil 'An Lucht Siúil ar an Anás' (*Travelling with Austerity*) a rinne 'Taighde Sóisialta Brian Harvey' (*Brian Harvey Social Research*); sonraítear inti go bhfuil an Lucht Siúil i ngreim ag leithcheal, bochtaineacht, eisiamh sóisialta, deiseanna oideachais teoranta agus drochshláinte (lch 15, 2013).

Tríd is tríd, léiríonn torthaí thuarascáil ITES go soiléir go bhfuil éagothroime agus míbhuntáiste le sonrú go tréan i saol agus in eispéiris an Lucht Siúil sna réimsí éagsúla a bhí mar ábhar don staidéar, lena n-áirítear oideachas, obair, tithíocht agus sláinte. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar an dúrud claontachta agus



leithcheala a bhíonn le sárú ag an Lucht Siúil. Maidir le cúrsaí oideachais go sonrach, deirtear sa tuarascáil go bhfuil difríocht 'suntasach' idir gnóthachtáil oideachais an Lucht Siúil agus gnóthachtáil oideachais na ndaoine nach mbaineann leis an Lucht Siúil. Cuirtear béim sa tuarascáil ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Lucht Siúil i gcoitinne – maítear inti go mbíonn seans i bhfad níos fearr ag an Lucht Siúil post a fháil má chuireann siad leibhéil níos airde oideachais i gcrích. Meastar gur tosaíocht é aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil (lch 91, 2017).

Ó thaobh moltaí beartais de, déantar tagairt sa tuarascáil don teannas idir an cur chuige príomhshruthaithe agus idirghabháil níos spriocdhírithe. Tugtar le tuiscint go mb'fhéidir nach leor cineálacha cur chuige príomhshruthaithe chun déileáil leis na fadhbanna cionn is go bhfuil an oiread sin míbhuntáistí agus leithcheala le sárú ag an Lucht Siúil. Os a choinne sin, áfach, d'fhéadfadh beartais shaincheaptha an Lucht Siúil a imeallú agus a bhféiniúlacht chultúrtha a shéanadh. Is olc í an aincheist seo go háirithe maidir le cúrsaí oideachais – i measc na ndúshlán atá le sárú tá nádúr idirghlúine an mhíbhuntáiste; teaghlaigh níos mó, suite go minic i gcóiríocht phlódaithe, agus mar sin de bíonn níos lú deiseanna staidéir ann; agus leithcheal sa tsochaí i gcoitinne, rud a théann i bhfeidhm ar uaillmhian oideachais.

I measc na moltaí a dhéantar sa tuarascáil seo tá: foghlaim ghairmiúil i dtaobh chultúr an Lucht Siúil agus na Romach a chur ar fáil do mhúinteoirí / chleachtóirí luath-óige, agus gné éigeantach d'oiliúint tosaigh múinteoirí agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh de chineálacha cur chuige maidir le glacadh le héagsúlacht chultúrtha. Moltar freisin cultúr an Lucht Siúil agus na Romach a dhaingniú sa churaclam. Is áis fhónta í an tuarascáil seo chun machnamh a dhéanamh ar mhéid agus saghas ginearálta an mhíbhuntáiste agus an leithcheala a bhíonn le sárú ag an Lucht Siúil, agus tá torthaí na tuarascála i dtaca le hoideachas treorach chun bonn eolais a chur faoin iniúchadh.

*Ag tosú ar leathanach 30, tugtar faisnéis mhionsonraithe san iniúchadh faoi eispéiris páistí, daltaí agus scoláirí de chuid an Lucht Siúil san oideachas.*



## Cultúr agus stair an Lucht Siúil

Ós rud é gur mionlach eitneach ar leith iad an Lucht Siúil tá sinsearacht choiteann acu, tá bunluachanna agus buntraidisiúin chultúrtha i bpáirt acu, tá teanga agus oidhreacht chultúrtha dá gcuid féin acu agus dar leo féin agus dar le daoine eile go bhfuil siad éagsúil agus difriúil. Tugtar léargas sa mhír seo a leanas ar na príomhghnéithe d'fhéiniúlacht an Lucht Siúil, mar a luaigh ionadaithe an Lucht Siúil ar ghrúpa comhairleach CNCM a rinne breithniú ar phróiseas an iniúchta.

### Sinsearacht choiteann

Is duine den Lucht Siúil é nó í an duine nuair a thagann sé nó sí ar an saol. Má táthar chun cur síos a dhéanamh ar dhuine mar dhuine den Lucht Siúil, is gnách go gcaithfear na critéir seo a leanas a chomhlíonadh: tá oidhreacht dhíreach an Lucht Siúil ag an duine; aithníonn sé/sí é/í féin mar dhuine den Lucht Siúil; agus aithníonn daoine eile den Lucht Siúil an duine mar dhuine den Lucht Siúil.

### Fánaíocht

Imríonn an fhánaíocht tionchar millteanach mór ar chultúr an Lucht Siúil. Seans maith go bhfuil an fhánaíocht ar cheann de na gnéithe is suntasaí de chultúr an Lucht Siúil a dhéanann idirdhealú idir an Lucht Siúil agus an pobal 'socraithe' i gcoitinne.

I measc feidhmeanna eile, tá trí fheidhm shuntasacha ar leith ag stíleanna maireachtála fánaíochta sa phobal:

- sóisialta
- eacnamaíoch
- cultúrtha.

Tagraíonn modh maireachtála fánaíochta an Lucht Siúil don nós atá ag cuid den Lucht Siúil taisteal ó áit go háit, ar chuspóirí tráchtála agus cultúrtha go traidisiúnta; chun earraí a cheannach agus a dhíol; chun dul chuig margaí agus chuig aontaí; agus chun dul go háiteanna nua.

Tá luachanna, traidisiúin agus saintréithe cultúrtha coiteanna ag an Lucht Siúil; feictear an méid sin sa dóigh a bhfuil a saol teaghlaigh, sóisialta agus eacnamaíoch eagraithe. Tá an fhánaíocht, i réimse foirmeacha, ina dlúthchuid d'fhorbairt agus de léiriú na luachanna, na dtraidisiún agus na saintréithe seo (CCD, lch 9).

Cé go bhfuil sé ráite go bhfuil an fhánaíocht ina príomhchuid de léiriú cultúir an Lucht Siúil, ní hé sin le rá nach bhfuil a dhath ar bith eile i gceist leo seachas an fhánaíocht. Meastar gur norm cultúrtha i modh maireachtála an Lucht Siúil é ceangail teaghlaigh a choinneáil agus nasc a dhéanamh leis an teaghlach sínte níos leithne, agus is minic a eagraítear saol an Lucht Siúil dá réir sin.

### Teaghlach

Is minic a mheastar go bhfuil an teaghlach sínte ina phríomhghné de chultúr an Lucht Siúil; aithníonn daoine iad féin de réir a dteaghlaigh, a gclainne nó ainm a dteaghlaigh. Is minic a mheastar go bhfuil ainm nó nasc an teaghlaigh tábhachtach.

### Gníomhaíocht eacnamaíoch

Go traidisiúnta, cuimsíonn léiriú cultúrtha an Lucht Siúil tionscnaíocht, féinfhostaíocht, solúbthacht cheirde agus oiriúnú eacnamaíoch. Is gnách leis an Lucht Siúil, go traidisiúnta, ioncam a ghiniúint seachas maireachtáil ar ioncam seasta. Gintear an t-ioncam sa bhaile de ghnáth agus bíonn ról ag an teaghlach ar fad. Cé gur gníomhaíochtaí eacnamaíocha coitianta i rith an ama iad mangaireacht, sclábhaíocht agus trádáil, oibríonn cuid mhór den Lucht Siúil i dtionscail phríomhshrutha freisin.



I gcomhthéacs níos comhaimseartha, tá seasamh agus béim eacnamaíoch i bhfad níos lú ag baint leis na ceirdeanna traidisiúnta. Mar thoradh ar na constaicí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear leithcheal, tá an Lucht Siúil san áireamh agus le feiceáil i ndornán gnéithe fostaíochta príomhshrutha.

**Téamaí lárnacha maidir leis an gcaoi a maireann an Lucht Siúil**

Cónaíonn Lucht Siúil na hÉireann i ngach cineál cóiríochta lena n-áirítear láithreáin stad, campaí, grúpscéimeanna tithíochta, tithíocht údaráis áitiúil, cóiríocht phríobháideach ar cíos agus réadmhaoin faoi úinéireacht phríobháideach.

Tá siad seo a leanas i measc na ngnéithe de chultúr an Lucht Siúil a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar roghanna cóiríochta:

- pobal/teaghlach sínte sa cheantar
- cé acu a ghintear ioncam ón mbaile nó nach ngintear
- roghanna taistil agus soláthar fánaíochta srianta.

Is dream iad an Lucht Siúil a bhfuil stair agus gníomhaíocht láidir fánaíochta ag baint leo. Is iomaí áit thraidisiúnta inar chónaigh teaghlaigh ar leith thar na glúnta. Is minic a aithnítear clanna, grúpaí teaghlaigh agus naisc dhíreacha theaghlaigh mar thosca nascacha tábhachtacha i gceantair agus i láithreacha ar leith.

**Teanga**

Tá teanga ar cheann de léirithe is uilíche agus is éagsúla ar chultúr an duine dá bhfuil ann, agus b'fhéidir gurb í an léiriú is tábhachtaí fiú. Tá sí i gcroílár ceisteanna a bhaineann le féiniúlacht, cuimhne agus scaipeadh eolais. Béarla is mó a labhraíonn Lucht Siúil na hÉireann, ach is minic a labhraíonn siad Gaimis/Caintis fosta – teanga a thagann ón tSean-Ghaeilge. Taifeadadh go foirmiúil í den chéad uair go luath san 18ú haois, cé go dtuigtear go dtéann sí siar i bhfad níos faide ná sin.  Cé go meastar uaireanta gur teanga 'rúnda' í, i bhfianaise an iomad athbhreithnithe, taighde agus taifeadtaí atá déanta, meastar, laistigh de chomhthéacs níos comhaimseartha, gur teanga 'príobháideach' í seachas teanga 'rúnda'. Ní grúpa aonchineálach iad an Lucht Siúil agus tá an-difríocht agus an-éagsúlacht le sonrú ina gcumas labhartha Caintise.

**Traidisiúin bhéil**

Coimeádann an Lucht Siúil traidisiún fíorláidir stair bhéil den chuid is mó; tá traidisiún seasmhach acu cultúr agus stair a sheachadadh de bhéal ó ghlúin go glúin. Tá feasacht i gcultúr an Lucht Siúil ar an gcaoi a dtugann glúin amháin tuiscintí, coincheapa agus frámú inchultúraithe do ghlúin eile tríd an mbealach a maireann an pobal, a gcoimhéadann an pobal agus a gcomhlíonann an pobal nósanna, léiriú reiligiúnach, gníomhaíocht eacnamaíoch, déanamh ceardaíochta agus gníomhartha eile. Cuireann sé seo go leanúnach agus go comhsheasmhach le tuiscint agus gníomhaíocht phobail.

**Stair**

Níl cuid mhór de chomhthéacs stairiúil an Lucht Siúil scríofa ná taifeadta i gcomhthéacs cuimsitheach pobail. Tá tuairim i measc an Lucht Siúil go bhfuil siadsan ar na daoine deireanacha atá fágtha ó shean-am na hÉireann Gaelaí agus gurb iadsan an treibh fánaíochta dheireanach. Tá a lán gnéithe de Chaintis/Gaimis níos sine ná an tSean-Ghaeilge.

D'fhéadfaí comhthéacs stair an Lucht Siúil a mheas ó thaobh an mhéid seo a leanas de:

- idirghabháil an stáit
- an áit a dtaifeadtar an Lucht Siúil i lámhscríbhinní ársa
- cuimsiú i bplé an Oireachtais



- an geilleagar
- an méid a chuirtear le hoidhreacht na hÉireann sa cheol, sa scéalaíocht agus sa cheardaíocht
- dlíthe
- coimisiúin
- iarrachtaí cogaidh
- streachailt ar son neamhspleáchais
- forbairt ar ghníomhaíochas pobail san fheachtas i gcomhair an chomhionannais agus an chuimsithe
- aitheantas eitneach.

**Reiligiún**

Cé go bhfuil éagsúlacht shoiléir sa phobal ó thaobh creidimh de, is Caitlicigh Rómhánacha iad formhór mór an Lucht Siúil. Tá creideamh agus léiriú creidimh thar a bheith tábhachtach do go leor ball den phobal. Tá reiligiún agus sean-nasc spioradálta Ceilteach níos leithne mar chuid shuntasach de nósanna an Lucht Siúil; sonraítear iad i mbaistí, póstaí, tórraimh, fairí, deasghnátha séasúracha, oilithreachtaí, gníomhaíochtaí grúpa, scrínte agus deasghnátha muintire.

**Oidhreacht chultúrtha**

De réir na Comhdhála Domhanda um Beartais Chultúir (*World Conference on Cultural Policies*), áirítear le 'oidhreacht chultúrtha' pobail "saothar a gcuid ealaíontóirí, ailtirí, ceoltóirí, scríbhneoirí agus eolaithe chomh maith le saothar ealaíontóirí gan ainm, léirithe ar spioradáltacht daoine, agus an moll luachanna a thugann brí don bheatha". Tá oidhreacht chultúrtha an Lucht Siúil ina léiriú ar bhealaí agus ar thuiscintí arna bhforbairt ag an bpobal agus arna gcur ar aghaidh, ó ghlúin go glúin, trí nósanna, cleachtais, spásanna, rudaí, léirithe ealaíonta agus luachanna. Cuimsíonn tuiscint an Lucht Siúil ar oidhreacht chultúrtha saothar inláimhsithe agus saothar doláimhsithe trína gcuirtear cruthaitheacht an Lucht Siúil in iúl, mar shampla teangacha, deasghnátha, creidiúintí, séadchomharthaí agus áiteanna stairiúla, litríocht, saothair ealaíne, cartlanna agus leabharlanna. Breathnaítear ar oidhreacht chultúrtha choiteann i measc an Lucht Siúil mar acmhainn fíor-riachtanach, toisc gur foinse ar leith í de chruthaitheacht, d'fhorbairt agus d'athnuachan an duine.

**Ceol agus ealaín**

Is fada an lá an Lucht Siúil ag gabháil don cheol traidisiúnta mar léiriú cultúrtha, agus chuir siad go mór le hoidhreacht cheol na hÉireann ó thaobh cultúir de. Is iomaí ceoltóir mór le rá a bhaineann leis an Lucht Siúil, mar shampla Margaret Barry, Mikey Dunne agus a Chlann, John Doherty, John Doran, Trish Nolan, Pecker Dunne, Finbar Furey agus Thomas McCarthy. Tá mórán de na ceoltóirí ó thús an chéid seo caite bailithe sa chartlann náisiúnta agus sna cnuasaigh bhéaloidis. Tá an iliomad tagairtí do cheol, d'amhráin agus d'ealaín an Lucht Siúil i litríocht na hÉireann.

**Ceardaíocht agus éadaí**

Is gnéithe den chruthú agus den léiriú atá slán sa phobal fós iad saoirseacht stáin agus réimse leathan d'obair cheardaíochta eile, lena n-áirítear adhmadóireacht, ruaimneoireacht, fíodóireacht, cruthú fabraice, dearadh ceardaíocht luibhe, déanamh vaigíní agus cruthú uirlisí a úsáidtear go laethúil amhail bataí siúil (*kamogs*) agus pócaí coirníní (*gopas*). Bhí na scileanna seo ag na seanghlúnta ach níl an Lucht Siúil ag baint an oiread céanna úsáide astu sa lá atá inniu ann.



**Ainmhithe**

Tá nasc marthanach ag cuid mhór den Lucht Siúil le cineál na n-ainmhithe trí chapaill, madraí agus fiach agus is gné shainiúil é seo de chultúr an Lucht Siúil.



## Forbairtí agus treoir idirnáisiúnta do scoileanna agus do shuíomhanna luath-óige na hÉireann

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1990)**

Tá comhaltas na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe an-tábhachtach i leith fhorbairt beartais an rialtais ó rinneadh comhalta di in 1955. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 1989 agus tháinig sé i bhfeidhm in 1990. Leagtar amach ann na bunchearta daonna a bhfuil páistí i ngach áit ina dteideal. Cosnaíonn an Coinbhinsiún na cearta seo trí íoschaighdeáin a leagan síos nach mór do rialtais a chomhlíonadh agus iad ag cur cúram sláinte, oideachais agus seirbhísí dlí agus sóisialta ar fáil do pháistí ina dtíortha. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún in 1992.

**Treoirlínte EOECNA maidir le hOideachas Idirchultúrtha (UNESCO Guidelines on Intercultural Education) (2006)**

> *I ndomhan a bhfuil athrú gasta ag teacht air, agus ina gcuireann corraíl chultúrtha, pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta i gcoinne bealaí traidisiúnta maireachtála, tá ról tábhachtach ag an oideachas maidir le comhtháthú sóisialta agus cómhaireachtáil shíochánta a chur chun cinn. Trí chláir a spreagann plé idir scoláirí a bhfuil cultúir, creidiúintí agus reiligiúin éagsúla acu, is féidir leis an oideachas obair thábhachtach bhríoch a dhéanamh ar son sochaithe inbhuanaithe agus fulangacha. (EOECNA, 2006: 8)*

I dTreoirlínte Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA) maidir le hOideachas Idirchultúrtha, tugtar dearcadh a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le scrúdú a dhéanamh ar ár dtreoir náisiúnta ó thaobh oideachas idirchultúrtha de. De réir EOECNA, is freagra é Oideachas Idirchultúrtha ar an dúshlán oideachas ardchaighdeáin a sholáthar do chách. Tá sé leagtha amach ó thaobh Chearta an Duine de, mar a chuirtear in iúl i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (1948).

Is é an dúshlán is mó agus ceist an oideachais agus an idirchultúrachais faoi chaibidil ná déileáil le cuid den teannas nádúrtha a thagann chun cinn tráth cruinneshamhlacha éagsúla a thabhairt chun réitigh.



## Reachtaíocht agus straitéisí náisiúnta

Tá forbairt na Straitéise Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach (*National Traveller and Roma Inclusion Strategy*), 2017-2021, bunaithe ar obair atá á déanamh cheana féin maidir le hoideachas an Lucht Siúil agus oideachas idirchultúrtha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tugtar léargas ginearálta sa mhír seo ar chuid de reachtaíocht, straitéisí agus treoirlínte fíorthábhachtacha an rialtais a forbraíodh i gcomhair oideoirí agus scoileanna i dtaca le hoideachas an Lucht Siúil agus an curaclam.

I mbrollach an Achta Oideachais, 1998, sonraítear gur gá an éagsúlacht luachanna, creideamh, teangacha agus traidisiún i sochaí na hÉireann a urramú. Ceanglaítear leis an Acht go ndéanfaidh gach scoil beartas i dtaca le ligean isteach a bhunú agus a chothabháil lena bhforálfar don inrochtaineacht is mó is féidir ar an scoil.

**Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i mBunscoileanna (2002)[1]**

Sa bhliain 2002, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) *Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i mBunscoileanna agus Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i Scoileanna Dara Leibhéal* mar chuid dá straitéisí i dtaca le cuimsiú sóisialta, frithbhochtaineacht, cur chun cinn an chomhionannais agus dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil. Is é beartas ROE gur chóir an Lucht Siúil a imeascadh go hiomlán le scoileanna príomhshrutha. Ba é príomhchuspóir na dtreoirlínte treoir phraiticiúil a sholáthar do mhúinteoirí, do scoileanna, do thuismitheoirí agus don lucht bainistíochta chun beartas ROE maidir le hoideachas an Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.

**Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i Scoileanna Dara Leibhéal (2002)**

> *Is í an phríomhaidhm i gcás páistí den Lucht Taistil os cionn dhá bhliain déag d'aois, ná iad a spreagadh chun leanúint den oideachas lánaimseartha agus tacú leis an rannphháirtíocht leanúnach acu san oideachas, agus meas agus luach á gcoinneáil acu san am céanna ar a gcultúr sainiúil féin. (ROE, 2002b:19)*

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar imeascadh an Lucht Siúil i mbunscoileanna. Os a choinne sin, braitheadh tráth an fhoilsithe go raibh go leor oibre le déanamh fós i scoileanna dara leibhéal. Sa chomhthéacs seo, bhí sé ríthábhachtach go ndéanfaí tuiscint agus meas ar chultúr an Lucht Siúil a chothú i scoileanna.

**Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna (2005)**

D'fhoilsigh CNCM Treoirlínte um Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil sa bhliain 2005. Thacaigh na treoirlínte le Curaclam na Bunscoile (1999) agus d'aithin siad na bealaí inar shnigh oideachas idirchultúrtha tríd an gcuraclam (CNCM, 2005:5). Seo a leanas dhá aidhm shonracha a bhí ag na treoirlínte:

- feasacht a ardú sa phobal oideachais ar shaincheisteanna i dtaobh na héagsúlachta eitní, teanga agus cultúrtha, atá ag méadú, in Éirinn;
- aghaidh a thabhairt ar riachtanais churaclam na bpáistí go léir, má tá siad ó mhionlach nó ó ghrúpa den tromlach eitneach, a thagann ó chomhthéacs ina bhfuil an éagsúlacht chultúrtha agus eitneach ag síormhéadú (CNCM, 2005:5).

[1] Cuireadh gach ceann de na Treoirlínte seo a leanas le chéile sular tugadh aitheantas don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith laistigh de náisiún na hÉireann in 2017: Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i mBunscoileanna; Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i Scoileanna Dara Leibhéal; Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna; agus Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna (*Intercultural Education in the Post-Primary School – Guidelines for Schools*). Is gá anois na treoirlínte go léir a athbhreithniú ós rud é gur tugadh aitheantas don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith.



**Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna (2006)**

Tar éis fhoilsiú na dtreoirlínte um oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil in 2005, chuir CNCM *Oideachas Idirchultúrtha san Iar-Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna (Intercultural Education in the Post Primary School – Guidelines for Schools)* i gcló sa bhliain 2006. Bhí an dá shraith treoirlínte bunaithe ar na príomhphrionsabail agus ar na príomhthéamaí céanna agus bhí sé mar aidhm acu comhthéacs a chur ar fáil do dhaoine óga le go mbeidís in ann inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt ar bhealach comhtháite trína n-oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile.

**Clár na Brataí Buí**

Clár scoile is ea Clár na Brataí Buí a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le bunscoileanna agus meánscoileanna a bheith níos cuimsithí maidir leis an uile chultúr agus eitneacht, éagsúlacht a cheiliúradh agus cur i gcoinne an chiníochais agus an leithcheala. Rinne Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann (GTÉ) Clár na Brataí Buí a fhorbairt in 2008. Téitear i gcomhar le daltaí agus le scoláirí, le baill foirne, leis an lucht bainistíochta, le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne ionas gur féidir ceisteanna na héagsúlachta agus an chomhionannais a thuiscint taobh amuigh den scoil agus sa ghnáthshaol. Mar sin de, táthar ag tabhairt aghaidh ar na ceisteanna seo laistigh den churaclam foirmiúil agus lasmuigh de. Mar chuid den chlár, tugann na scoileanna rannpháirteacha Treoirlínte Idirchultúrtha CNCM do na múinteoirí lena chinntiú go gcuirtear na treoirlínte i bhfeidhm i scoileanna na Brataí Buí.

**Tuarascáil agus Moltaí maidir le Straitéis um Oideachas an Lucht Siúil** *(Report and Recommendations for a Traveller Education Strategy)* **(2006)**

Bhí sé mar aidhm ag an tuarascáil seo, arna foilsiú ag an rialtas in 2006, scrúdú a dhéanamh ar an soláthar agus ar na tacaíochtaí a bhí ann, agus ar na struchtúir eagrúcháin agus bhainistíochta a bhí ann, maidir le hoideachas an Lucht Siúil ag gach leibhéal agus tugadh moltaí le haghaidh athruithe inti, de réir mar ba chuí. Aithníodh spriocanna soiléire inti i ndáil le hoideachas an Lucht Siúil agus tugadh moltaí inti maidir le hacmhainní a bhí ann cheana féin a bharrfheabhsú nó a ath-leithdháileadh. Bhí cur chuige iomlánaíoch le sonrú sa tuarascáil agus rinneadh iarracht inti aghaidh a thabhairt ar an uile ghné d'oideachas an Lucht Siúil i gcomhair na foghlama ar feadh an tsaoil, is é sin, ón réamhscoil go hoideachas aosach agus go hoideachas leanúnach.

Tuarascáil chuimsitheach ba ea í agus tugadh aghaidh inti ar na ceisteanna seo a leanas don Lucht Siúil ón oideachas luath-óige go hoideachas aosach:

- tugadh cúlra gairid inti i dtaobh Lucht Siúil na hÉireann – a gcuid oideachais, cóiríochta agus sláinte, agus dúshláin eile atá rompu
- tugadh léargas ginearálta inti ar gach gné d'oideachas an Lucht Siúil aníos go dtí 2005
- tugadh aghaidh inti ar ról tábhachtach thuismitheoirí an Lucht Siúil san oideachas
- tugadh breac-chuntas inti ar bhreithnithe san oideachas luath-óige agus ar an soláthar a rinneadh do dhaltaí agus do scoláirí an Lucht Siúil san oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile. Tugadh achoimre inti ar na bearta a rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun oideachas daltaí agus scoláirí an Lucht Siúil a chur chun cinn, aithníodh ceisteanna oideachais inti,



tugadh moltaí inti agus moladh pleananna gníomhaíochta inti mar aon le hamscálaí.

- leagadh béim inti ar an soláthar a bhí ar fáil don Lucht Siúil sa bhreisoideachas agus san ardoideachas agus aithníodh inti an imní agus na dúshláin a bhí le sonrú san earnáil.

**Straitéis Oideachais Idirchultúrtha, 2010-2015 (2010)**

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Oideachais Idirchultúrtha cinnte a dhéanamh:

- go bhfaigheann gach scoláire oideachas, is é sin oideachas a urramaíonn "an éagsúlacht luachanna, creideamh, teangacha agus traidisiún i sochaí na hÉireann" agus a stiúrtar "le meon comhpháirtíochta" (an tAcht Oideachais, 1998)

- go dtugtar cúnamh do gach soláthróir oideachais agus iad ag iarraidh a chinntiú go mbeidh an cuimsiú agus imeascadh laistigh de thimpeallacht foghlama idirchultúrtha an norm (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010: 1).

Cuirtear béim leanúnach ar eochairthéamaí éagsúla i gcás na n-institiúidí oideachais uile – seo a leanas iad:

- cur chuige institiúide uile a chur i bhfeidhm agus timpeallacht foghlama idirchultúrtha á cruthú

- scileanna oideachais idirchultúrtha a fheabhsú agus a fhorbairt i measc na foirne oideachais go léir

- tacaíocht a thabhairt do scoláirí a bheith oilte i dteanga an teagaisc

- comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach idir soláthraithe oideachais, scoláirí, tuismitheoirí agus pobail a spreagadh agus a chur chun cinn

- cumarsáid éifeachtach a chur chun cinn

- bailiú sonraí agus monatóireacht a chur chun cinn agus a mheas ionas go mbeidh an ceapadh beartais agus an chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise.

Leis na téamaí comónta seo, leagtar béim ar an bhfíric go bhfuil dúshláin agus deiseanna comhchosúla i ndán do na hearnálacha oideachais uile, de bharr na hinimirce, na himirce agus na hilchineálachta sóisialta agus cultúrtha atá méadaithe in Éirinn inniu (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010: 43).

**Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luathóige**

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) *Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luathóige* in 2016. Tugtar cuireadh sa chairt do gach duine a bhfuil baint acu leis an luath-óige prionsabail an chuimsithe a ghlacadh chucu féin, a chur chun cinn agus a leabú i mbeartais agus sa ghnáthchleachtadh laethúil. Luaitear sa cháipéis go bhfuil próiseas leanúnach de chleachtadh machnamhach criticiúil i gceist leis seo d'fhonn a chinntiú go mbraitheann gach páiste agus a dteaghlaigh go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu. Soláthraítear sna treoirlínte nuashonraithe an léarscáil chun timpeallachtaí saibhre cuimsitheacha a chruthú, lena dtabharfar spreagadh agus cothú do na saoránaigh is óige in Éirinn. Is croíchuid iad an chairt agus na treoirlínte den tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (SRC) do pháistí faoi mhíchumas agus do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu[2] (RLGÓ, 2016b).

[2] Is í an aidhm atá ag an tsamhail seo cinnte a dhéanamh de gur féidir le gach páiste faoi mhíchumas/a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu páirt iomlán a ghlacadh sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) agus leas a bhaint as cúram agus oideachas luathbhlianta d'ardchaighdeán (RLGÓ, 2016).



**Oiliúint Tosaigh Múinteoirí: Tionscadal Oideachais Forbartha agus Idirchultúrtha (OFI)**

Tugtar aitheantas i dtionscadal OFI don fheidhm thábhachtach atá ag Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) ag céim na bunscoile – múinteoirí faoi oiliúint a chumasú chun éascaíocht a dhéanamh ar oideachas idirchultúrtha go héifeachtach. De bharr tionscadal OFI, cuirtear cuimsiú an oideachais forbartha agus an oideachais idirchultúrtha in Oideachas Tosaigh Múinteoirí chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur le heolas agus le tuiscint na múinteoirí faoi oiliúint ionas go mbeidh na scileanna agus na luachanna oideolaíocha acu chun múineadh go héifeachtach sna réimsí seo. Tionscnaíodh é sa bhliain 2003 agus tugann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tacaíocht dó trí Chúnamh Éireann. Tá sé curtha i bhfeidhm ag Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Institiúid Oideachais Marino; Coláiste Mhuire gan Smál; agus Ollscoil Mhá Nuad.

- Ag tosú ar leathanach 30 den iniúchadh, tugtar léargas ginearálta ar an gcaoi a leagann *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* béim ar dheiseanna chun gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil a chuimsiú sna ceithre théama.

- Ag tosú ar leathanach 51 den iniúchadh, tugtar léargas ginearálta ar an gcaoi a leagann Curaclam na Bunscoile (1999) agus Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) béim ar dheiseanna chun gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil a chuimsiú in ábhair éagsúla.

- Ag tosú ar leathanach 63 den iniúchadh, tugtar léargas ginearálta ar an gcaoi a leagann an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) béim ar dheiseanna chun cultúr agus stair an Lucht Siúil a fhiosrú in ábhair éagsúla agus i ngnéithe eile den churaclam.

- Ag tosú ar leathanach 98 den iniúchadh, tugtar léargas ginearálta ar an gcaoi a leagann an tsraith shinsearach san iar-bhunscolaíocht béim ar dheiseanna chun cultúr agus stair an Lucht Siúil a fhiosrú in ábhair éagsúla agus i ngnéithe eile den churaclam.



## Conclúidí agus breithnithe

I mí Iúil 2018, tugadh Bille Comhaltaí Príobháideacha, 'an Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas, 2018' isteach i dTithe an Oideachais. Tá an Bille á bhreithniú ag Tithe an Oireachtais agus tá sé idir lámha acu. Tá sé mar aidhm ag an mBille socrú a dhéanamh chun "cultúr agus stair an Lucht Siúil a chur san áireamh sa churaclam a mhúintear i scoileanna aitheanta sa Stát agus, chun na críche sin, an tAcht Oideachais, 1998, a leasú". (Foilseacháin Rialtais, 2018)

I mí Mheán Fómhair 2018, sa chomhthéacs níos leithne seo, d'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna ar CNCM iniúchadh a dhéanamh ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam.

Roimhe sin, i mí an Mhárta 2017, tugadh aitheantas don Lucht Siúil mar ghrúpa eitneach ar leith in Éirinn agus is iad an Lucht Siúil an t-aon ghrúpa sa tír ar tugadh an t-aitheantas seo dóibh. Conas is féidir an t-aitheantas sin a dhéanamh follasach agus fiúntach? Leagtar roinnt spriocanna amach sa Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach *(National Traveller and Roma Inclusion Strategy)* (2017) a bhaineann le gnóthachtáil oideachais na bpáistí, na ndaltaí, na scoláirí agus na ndaoine fásta de chuid an Lucht Siúil. Thiocfadh feabhas ar thorthaí oideachais iomlána don Lucht Siúil dá mbainfí na spriocanna seo (mar a liostaítear roimhe seo) amach. Níos sonraí ná sin, aithnítear go forleathan gur beag tuiscint atá ag an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear múinteoirí / cleachtóirí luath-óige, ar chultúr agus stair an Lucht Siúil. Mar thoradh air sin, is féidir leis an neamhréir idir timpeallachtaí sóisialta, teanga agus cultúrtha an bhaile agus na scoile míshástacht agus easpa suime a chothú i measc roinnt daltaí agus scoláirí de chuid an Lucht Siúil. Ceist chasta bhreise is ea an claonadh neamh-chomhfhiosach nó an claonadh comhfhiosach a théann i bhfeidhm ar thuiscint paistí ar an Lucht Siúil, bíodh sin trína mbaile, trína scoil nó trína bpobal. Má dhírítear ar na bealaí inar féidir le cultúr agus stair an Lucht Siúil a bheith níos suntasaí agus níos infheicthe sa churaclam, beifear ag cur le meas dáiríre, aitheantas, imeascadh leathan, forbairt caidrimh agus cothú an chuimsithe. Thacódh ceiliúradh ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam le suntasacht agus le hinfheictheacht an ábhair i scoileanna / suíomhanna luath-óige, agus chuirfí i gcoinne an chlaonta agus na steiréitíopaí dá thairbhe.

Is é an aidhm atá ag an iniúchadh curaclaim seo deiseanna reatha a aithint i gcuraclaim na luath-óige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile; is é sin deiseanna do pháistí agus do dhaoine óga gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil a bhlaiseadh agus a fhoghlaim. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an iniúchadh féidearthachtaí i ndáil leis seo sa todhchaí a aithint de réir mar a dhéantar athbhreithniú agus forbairt ar churaclaim ar scála níos mó agus i gcomhthéacs níos leithne. Is tábhachtach a shonrú gurb éard atá san iniúchadh curaclaim seo léargas, ag pointe ama ar leith, ar na deiseanna atá ann forbairt a dhéanamh ar na cleachtais churaclaim reatha agus ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí i ndáil leis seo.

### Creataí agus forbairtí curaclaim

Mar a leagtar amach i míreanna 4-7 ar leathanaigh 37-127, leagtar béim san iniúchadh ar an iliomad deiseanna atá ann faoi láthair cultúr agus stair an Lucht Siúil a dhaingniú ar fud an churaclaim ag céimeanna na luath-óige, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile. D'fhonn deiseanna sa todhchaí a thapú, áfach, caithfear na breithnithe seo a leanas a chur san áireamh de réir mar a dhéanann CNCM athbhreithniú agus forbairt ar chreataí agus sonraíochtaí curaclaim sna blianta amach romhainn:



**Meas ar fhéiniúlacht chultúrtha, teanga agus luachanna an fhoghlaimeora**

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna claonta, claontachta, stiogmataithe agus leithcheala a bhíonn le sárú ag daoine den Lucht Siúil, caithfidh an curaclam a bheith bunaithe ar phrionsabail an oideachais idirchultúrtha a spreagann glacadh sóisialta, a chuireann cothromas, cuimsiú, cothroime agus meas ar fhéiniúlacht chultúrtha, teanga agus luachanna chun cinn agus a chuireann ceiliúradh ar fhéiniúlacht chultúrtha, teanga agus luachanna chun cinn.

**Oideachas luath-óige**

Maidir leis an luath-óige, bheadh plean forfheidhmithe i gcomhair *Aistear*, arna chomhordú go náisiúnta, ina bhealach den scoth chun tacú le forbairt ar bhonn le haghaidh chultúr agus stair an Lucht Siúil tríd an gCreat. Ó 2016 i leith, tá gach páiste i dteideal dhá bhliain d'oideachas réamhscoile; forbairt is ea é sin ar an mbliain mhaoinithe amháin a cuireadh ar fáil ó 2010 tríd an scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ). Cé go bhfáiltítear roimh fhorbairt an Tionscnaimh Náisiúnta Aistear Síolta chun tacú le cur i bhfeidhm, tá gá le níos mó. Ní mór do na suíomhanna a fhaigheann maoiniú ón rialtas trí scéim COLÓ cloí leis na prionsabail atá mar bhonn agus taca ag *Aistear agus Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* araon, agus díríonn cigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna ar ghnéithe den dá chreat. Tá gá le himscrúdú níos mó, áfach, chun a fháil amach cad iad eispéiris na bpáistí de chuid an Lucht Siúil i suíomhanna luath-óige. Ba dheas an fhaisnéis seo a leanas a fháil freisin – an méid páistí den Lucht Siúil a ghlac páirt sa dá bhliain réamhscoile in 2017-2018 agus; an céatadán de pháistí an Lucht Siúil nár ghlac le háit a raibh siad ina teideal. De réir an scéil, is cosúil nach bhfuil mórán páistí den Lucht Siúil ag glacadh le háiteanna a bhfuil siad ina dteideal. Teastaíonn athbhreithniú agus tuilleadh taighde, áfach, ar an gcaoi a dtacaítear le braistint féiniúlachta agus chómhuintearais na bpáistí de chuid an Lucht Siúil i suíomhanna luathbhlianta, agus ar cé chomh cuimsitheach agus atá na suíomhanna i ndáiríre.

**Bunscoil**

Ó thaobh na bunscoile de, tá sé de chúram ar CNCM curaclam na bunscoile a athfhorbairt tráth a bhfuil níos mó grúpaí cultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha agus teangeolaíocha éagsúla sa tír ná mar a bhí riamh. Tá sé sin le feiceáil go soiléir i ndaonra na mbunscoileanna – i bhfad níos soiléire ná mar a bhí sé nuair a ceapadh an curaclam reatha, Curaclam na Bunscoile (1999). Ós rud é gur tugadh *Aistear* (2009) agus an *Creat don tSraith Shóisearach* (2015) isteach, is gá níos mó oibre a dhéanamh ar son ailíniú agus leanúnachas curaclaim san uile chéim den oideachas. Tugann na hathruithe seo i dteannta a chéile deis chun fís a fhorbairt do churaclam bunscoile a sholáthróidh eispéiris agus torthaí ardchaighdeán ar mhaithe le foghlaim, forbairt agus folláine an uile pháiste. Chuige sin, tá CNCM ag obair go dlúth le scoileanna agus le suíomhanna, ag teacht ar thaighde curaclaim agus ag reáchtáil seimineáir churaclaim chun tacú leis an bplé ar athrú curaclaim. Lena chois sin, cuirfidh torthaí an iniúchta curaclaim seo bonn eolais faoin bpróiseas forbartha curaclaim. Le bheith níos sonraí, cuirfear tús le comhairliúchán poiblí maidir le dréachtchreat do churaclam bunscoile athfhorbartha go mall in 2019. Dá bharr sin, beifear in ann a mheas an ndéanann curaclam bunscoile atá molta don todhchaí soláthar níos fearr d'oideachas an Lucht Siúil go ginearálta, agus do chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam go háirithe.

**Oideachas na sraithe sóisearaí**

I dtaca leis an tsraith shóisearach, de bharr gur cuireadh an *Creat don tSraith Shóisearach, 2015*, i bhfeidhm ar na mallaibh, réitíodh an bealach le gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil a chuimsiú i mórán sonraíochtaí ábhair agus gearrchúrsaí. D'fhéadfaí tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis seo freisin. Go háirithe, réitigh roinnt príomhfhorbairtí sa tsraith shóisearach an bealach le haghaidh an chuimsithe seo agus ba chóir an méid sin a thabhairt faoi deara toisc go mbaineann gnéithe d'fhorbairtí an churaclaim sa



tsraith shóisearach leis an tsraith shinsearach freisin:

- ag bogadh ó shiollabas atá leagtha síos go sonraíochtaí atá bunaithe ar thorthaí. Tugann torthaí foghlama níos mó soiléireachta agus solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir leis an gcaoi a roinntear eolas, scileanna agus inniúlachtaí leis an bpáiste agus leis an duine óg

- ag cur príomhscileanna san áireamh. Príomhscileanna is mó atá taobh thiar den oideolaíocht atá comhoibríoch agus tarraingteach agus tugann siad deiseanna do mhúinteoirí modheolaíochtaí gníomhacha a úsáid a fhreagraíonn do riachtanais agus do chumas an scoláire

- cineálacha cur chuige níos éagsúla i leith an mheasúnaithe, a chuireann ar chumas an duine óig a chuid foghlama a thaispeáint i bhformáidí éagsúla agus a sholáthraíonn cur síos níos iomláine ar ghnóthachtáil oideachais an scoláire

- solúbthacht chun cláir scoile a dhearadh ina n-áirítear meascán d'ábhair agus de ghearrchúrsaí agus ina dtugtar aitheantas do na gnóthachtálacha sa dá réimse sin. Is féidir le múinteoirí, grúpaí nó gníomhaireachtaí eile gearrchúrsaí a fhorbairt atá oiriúnach do riachtanais agus d'ábhair spéise shonracha a gcohóirt scoláirí sa tsraith shóisearach. Féadfar gearrchúrsaí a ailíniú leis na táscairí le haghaidh Leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó leis na táscairí le haghaidh Leibhéal 2.

- cineálacha cur chuige níos mionsonraithe maidir le gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú, a thugann próifíl níos iomláine agus níos cuimsithí ar ghnóthachtáil an scoláire de réir tomhais agus caighdeáin éagsúla

- cuimsiú na folláine. Tá folláine ina téama sa luath-óige ach tá sí níos sainithe agus níos cuimsithe sa tsraith shóisearach; sa tsraith shóisearach tá sí ina prionsabal, is féidir í a nascadh le roinnt ráitis foghlama agus príomhscileanna, agus tá sí nasctha go dlúth le hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Corpoideachas agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP).

**Oideachas na sraithe sinsearaí**

Ó thaobh na sraithe sinsearaí de, mar a leagtar amach i mír 7, is deis é an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach chun fís chomhroinnte a chruthú don tsraith shinsearach chomh maith le bunús láidir a imreoidh tionchar ar churaclam a chomhlíonann riachtanais gach foghlaimeora i ndáiríre sna blianta amach romhainn. Cuirfidh taighde, foghlaim agus forbairtí ón luath-óige, ón mbunscoil agus go háirithe ón tsraith shóisearach bonn eolais faoin athbhreithniú seo. Cuirfidh torthaí a thagann chun cinn ó scoláirí na sraithe sinsearaí, ó mhúinteoirí, ó thuismitheoirí, ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile, mar aon le taighde ó dhlínsí eile, go mór leis an athbhreithniú seo.

Cuirfidh torthaí an iniúchta curaclaim seo tuilleadh eolais ar fáil faoi choinne forbairtí curaclaim sa chéim seo den oideachas tríd an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Go sonrach, níos déanaí in 2019, foilseoidh CNCM tuarascáil le haghaidh comhairliúchán poiblí ina dtabharfar breac-chuntas ar na bealaí inar cheart, agus ar na céimeanna trínar chóir, an tsraith shinsearach a fhorbairt don todhchaí. Arís, beifear in ann a mheas dá bharr sin an oireann an méid a mholtar sa tsraith shinsearach don mhéid a theastaíonn i gcomhair oideachas an Lucht Siúil go ginearálta, agus i gcomhair chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam go háirithe.

Ag céimeanna éagsúla den oideachas – luath-óige, bunscoil agus iar-bhunscoil – tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh an méid a deirtear i gcáipéisí creatchuraclaim níos leithne ag teacht leis an méid a chuirtear i láthair i sonraíochtaí ábhair nó curaclaim ar leith. Tá sé seo an-ábhartha san am i láthair i gcomhthéacs forbairtí atá beartaithe ag céim na bunscoile agus ag céim na sraithe sinsearaí.



**Téamaí, réimsí agus ábhair churaclaim ag gach céim**

Mar a leagtar amach i míreanna 4-7 den iniúchadh, dá nglacfadh CNCM leis na cineálacha cur chuige seo a leanas nuair a bhíonn sonraíochtaí curaclaim á bhforbairt faoi choinne réimsí agus ábhair churaclaim, bheadh sé níos éasca don uile pháiste agus scoláire, iad siúd de chuid an Lucht Siúil go háirithe, teacht ar ábhar a bhaineann go díreach leo féin, lena dtaithí agus lena gcultúr agus lena bhféiniúlacht féin:

- agus an treoir á forbairt i gcomhair sonraíochtaí ábhair/réimsí foghlama / téamaí nua, cinnte a dhéanamh de go ndéantar tagairt do chuimsiú gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil agus/nó cultúir mhionlaigh eile, de réir mar is cuí

- agus sonraíochtaí á bhforbairt, torthaí foghlama saibhre a chur in iúl a fhreastalaíonn ar eolas, scileanna, meonta agus luachanna, as a dtagann cineálacha cur chuige difriúla i leith an mheasúnaithe a thagann le riachtanais, cumas agus taithí an fhoghlaimeora

- forbairt sonraíochtaí curaclaim le torthaí foghlama a thacaíonn le teagasc, foghlaim agus measúnú faoi cheisteanna pearsanta, áitiúla agus cultúrtha (m.sh. Ceol, Stair, Tíreolaíocht agus Amharc-ealaíon na Sraithe Sóisearaí; an Pholaitíocht agus an tSochaí, agus Eacnamaíocht Bhaile: Eolaíoch agus Sóisialta, sa tSraith Shinsearach)

- forbairt sonraíochtaí curaclaim a *éascaíonn* foghlaim, teagasc agus measúnú faoi cheisteanna pearsanta, áitiúla agus cultúrtha (m.sh. Curaclam Teanga na Bunscoile nua, Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí). Cruthaíonn sé seo cás ina mbíonn iliomad deiseanna ag an scoláire teacht ar ghnéithe dá stair agus dá chultúr féin, nó de stair agus de chultúr duine éigin eile, i réimsí ábhair éagsúla

- cineálacha cur chuige éagsúla i leith an mheasúnaithe a chur san áireamh, mar shampla, na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Sraith Shóisearach. Cuireann Measúnuithe Rangbhunaithe ar chumas an scoláire réimse a bhfuil spéis aige ann a aithint agus is féidir measúnú a dhéanamh ar na scileanna a léiríonn sé. A bhuíochas le Measúnuithe Rangbhunaithe, is féidir le múinteoirí tacú leis na scoláirí sin a bhfuil suim acu san ábhar, sa taighde agus sna gníomhartha cuí a bhaineann le stair agus cultúr an Lucht Siúil. Déanfar breithniú ar an gcur chuige seo i leith an mheasúnaithe – ina mbíonn deis ag an scoláire staidéar níos mine a dhéanamh ar thopaicí a roghnaítear go pearsanta – ag céimeanna eile den oideachas freisin

- athbhreithniú timthriallach a dhéanamh ar shonraíochtaí curaclaim, go háirithe nuair a chuirtear sonraíocht nua i bhfeidhm a chéaduair nó nuair a bhíonn sonraíocht ábhair/churaclaim sa chóras le fada, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a forbraíodh sa réimse ábhair/curaclaim sin fós ábhartha agus fiúntach

- ábhar a bhaineann le cultúr agus stair an Lucht Siúil nó le cultúir eile a sholáthar in ábhair thacaíochta mheasúnaithe, mar shampla, i gceisteanna samplacha nó sna samplaí anótáilte ar líne d'obair an scoláire le haghaidh sonraíochtaí ábhartha

- cineálacha cur chuige níos spriocdhírithe a chur i bhfeidhm chun guthanna agus páirtithe leasmhara an Lucht Siúil a chur san áireamh in athbhreithnithe agus i gcomhairliúcháin.



### Beartas agus cleachtas

Go ginearálta, mar a leagtar amach i mír 3 den iniúchadh, rinneadh cuid mhór oibre chun straitéisí agus treoirlínte scoile a fhorbairt ar mhaithe le tacú le gnóthachtáil oideachais na bpáistí agus na scoláirí de chuid an Lucht Siúil. Mar sin féin, bhí sé sách dúshlánach na straitéisí agus na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm, agus níor baineadh amach na feabhsúcháin a rabhthas ag súil leo i ngach cás maidir le gnóthachtáil oideachais na bpáistí agus na scoláirí de chuid an Lucht Siúil. Dúshlán suntasach agus an t-iniúchadh á ullmhú ba ea scoileanna / suíomhanna luath-óige ar leith a aithint sa chóras oideachais – is é sin scoileanna / suíomhanna luath-óige a chuireann deiseanna foghlama agus teagaisc ar fáil faoi láthair chun eolas agus tuiscint an pháiste agus an scoláire ar chultúr agus stair an Lucht Siúil a fhorbairt i gcomhthéacs níos leithne an oideachais idirchultúrtha. Cé gur aithníodh agus gur iniúchadh na cáipéisí ábhartha um beartas oideachais gan dua, ba dheacair teacht ar chleachtais agus ar chineálacha cur chuige forbartha i scoileanna agus i suíomhanna luath-óige. Aithnítear an déscaradh seo ar an gcaoi chéanna sa tuarascáil 'An Lucht Siúil ar an Anás' *(Travelling with Austerity)* (2013) ina bhfuil cuntas scríofa le Thomas McCann, ball den Lucht Siúil. Déanann McCann tagairt don díomá atá air maidir le beartais agus struchtúir nár cuireadh i bhfeidhm agus don dóigh a dtig leis a bheith an-doiligh an bhearna a shárú – is é sin an bhearna idir beartas agus cleachtas agus a mbaint amach. Agus an teachtaireacht thairbheach seo san áireamh, má táthar chun na straitéisí agus na treoirlínte a chur i bhfeidhm agus leas iomlán a bhaint as na deiseanna a leagtar amach san iniúchadh seo agus, i gcomhthráth, cur le torthaí oideachais níos fearr do pháistí agus do scoláirí de chuid an Lucht Siúil, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na pointí seo a leanas a bhaineann le nascadh beartais agus cleachtais:

### Forbairt ghairmiúil an Mhúinteora / an Chleachtóra Luath-Óige

Tá Cúram agus Oideachas na Luath-Óige/Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) / agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) thar a bheith tábhachtach agus ní mór deiseanna a sholáthar ina leith. Teastaíonn deiseanna ó mhúinteoirí agus ó chleachtóirí luath-óige chun a gcuid eolais agus tuisceana ar chultúr agus stair an Lucht Siúil a fheabhsú; chun cineálacha cur chuige oideolaíocha a fhorbairt i leith oideachas idirchultúrtha sa seomra ranga; agus, níos ginearálta, chun meon a fhorbairt i leith na foghlama idirchultúrtha. Rachadh sé chun tairbhe do sholáthar FGL dá dtabharfaí deis do mhúinteoirí / chleachtóirí luath-óige breithniú agus machnamh a dhéanamh ar a ndearcthaí, luachanna agus creidiúintí pearsanta agus gairmiúla féin i dtaobh chultúr agus stair an Lucht Siúil i gcomhthéacs níos leithne an oideachais idirchultúrtha. Caithfidh FGL a bhaineann le hathruithe ar an gcuraclam cultúr agus stair an Lucht Siúil a léiriú; ní mór deiseanna a chruthú chun tuairimí a fháil, go díreach, ó ghuthanna sa tsochaí atá faoi ghannionadaíocht. I láthair na huaire, is minic a bhíonn guthanna ó ghrúpaí mionlaigh in easnamh mar chuid de dheiseanna FGL i dtaca le héagsúlacht chultúrtha san oideachas. D'fhéadfaí soláthar OTM/COLÓ agus FGL a phleanáil i gcomhthéacs Creat Idirchultúrtha ina gcuirtear na smaointe móra in iúl agus ina dtacaítear leo, is smaointe móra a bhaineann le forbairt fheasacht an fhoghlaimeora ar chultúr, iolrachas sa tsochaí, cultúir agus startha ar leith, agus conas dul i ngleic le claontacht.

Níor mhór go mbeadh moll comhlachtaí ábhartha páirteach sa chomhthéacs seo, lena n-áirítear an Chomhairle Mhúinteoireachta, seirbhísí tacaíochta amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), Tús Níos Fearr *(Better Start)*, Coistí Cúram Leanaí Cathrach agus Contae agus an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, agus gréasáin ghairmiúla múinteoirí/cleachtóirí, mar shampla, na cumainn ábhair iar-bhunscoile éagsúla. Tá baint ag cuid de na comhlachtaí seo cheana le tacaíocht ghairmiúil a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha agus oideachas an Lucht Siúil.



### Tacaíochtaí do cheannairí scoileanna/suíomhanna luath-óige

Is spriocghrúpa tábhachtach iad ceannairí scoileanna agus suíomhanna oideachais freisin. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí cúrsaí forbartha gairmiúla agus/nó tacaíochtaí agus acmhainní ar fáil do cheannairí scoile/suímh le gur féidir cur chuige sa scoil/suíomh uile a chur i bhfeidhm i leith oideachas idirchultúrtha i gcoitinne agus, go sonrach, le gur féidir tacú le himeascadh na bpáistí agus na scoláirí de chuid an Lucht Siúil. Tá feasacht ar a thábhachtaí atá éiteas agus cultúr, curaclam ceilte agus beartais na scoileanna/suíomhanna – an bealach a n-eagraítear agus a ndéantar soláthar don churaclam foirmiúil agus do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim – ríthábhachtach chun tacú le páistí agus le scoláirí an Lucht Siúil. Aithnítear san iniúchadh go bhfuil mórán deiseanna laistigh de réimsí foghlama agus d'ábhair faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe de stair agus cultúr an Lucht Siúil. Mar sin féin, tá gá le cur chuige comhordaithe i leith teagaisc agus foghlama i scoileanna/suíomhanna ionas gur féidir cumas bunúsach na ndeiseanna seo a bhaint amach ina iomláine. Tá ceannaireacht ríthábhachtach sa chomhthéacs seo.

### An Chigireacht

Is féidir leis an gcigireacht ról tábhachtach a imirt freisin maidir le cur chuige sa scoil/suíomh uile i leith oideachas idirchultúrtha go ginearálta a chur chun cinn agus a mholadh trí Fhéinmheastóireacht Scoile, Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim, cigireachtaí ábhair agus cigireachtaí ar shuíomhanna Luath-Óige. D'fhéadfadh torthaí na meastóireachtaí agus na bpróiseas iniúchta foinse sonraí an-tábhachtach a sholáthar trínar féidir oideachas an Lucht Siúil, mar aon le heolas agus tuiscint ar chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam, a athbhreithniú a thuilleadh.

### Gníomhaireachtaí oideachais

Tig le slám gníomhaireachtaí oideachais eile próifíl chultúr agus stair an Lucht Siúil agus gnéithe den oideachas idirchultúrtha a chur chun cinn ina gcuid oibre. Mar shampla, is féidir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit an éagsúlacht i sochaí na hÉireann a léiriú go maith sna míreanna measúnaithe, sna hábhair agus sna samplaí a úsáideann sé. Tig leis gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil, nó gnéithe de chultúir mhionlaigh eile, a nascadh le hábhair agus míreanna measúnaithe nuair is cuí.

Is féidir le seirbhísí tacaíochta amhail an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), Tús Níos Fearr *(Better Start)*, Coistí Cúram Leanaí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus comhlachtaí gairmiúla fearacht na Comhairle Múinteoireachta prionsabail an oideachais idirchultúrtha agus, nuair is féidir, cuimsiú gnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil, a chur chun cinn go gníomhach trí chláir agus thionscnaimh forbartha gairmiúla do mhúinteoirí/chleachtóirí.

### Acmhainní oideachais chun tacú le teagasc agus foghlaim stair agus cultúr an Lucht Siúil

Is iomaí acmhainn agus foinse eolais agus faisnéise atá ar fáil cheana féin nó atá ann cheana féin a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha agus le cultúr agus stair an Lucht Siúil. Meastar go minic i scoileanna agus i suíomhanna eile gur mhór an cuidiú dá ndéanfaí iniúchadh ar na hacmhainní atá ar fáil agus dá bhforbrófaí ionad ilfhreastail nó tairseach ina dtiocfadh le múinteoirí / cleachtóirí luath-óige ábhar inrochtana agus coimeádaithe a fháil, ábhar a d'fhéadfaidís a úsáid ina suíomh oideachais. Tá déanamh iniúchta agus/nó bunú tairsí ar cheann de na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfaí a ghlacadh i ndáil le cultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam a chur chun cinn. Ní mór na háiteanna ina bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar acmhainní agus ábhair thacaíochta nua a dhéanamh amach agus d'fhéadfadh sé seo a bheith ina chabhair chuige sin. Ní foláir go mbeadh an Lucht Siúil páirteach go díreach sa phróiseas sin.



Is foinse ríthábhachtach smaointe agus ábhar tacaíochta iad samplaí den dea-chleachtas reatha i scoileanna, i suíomhanna oideachais agus in institiúidí oideachais eile. Féadann siad seo an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar fhoghlaim agus ar theagasc éifeachtach i dtaobh chultúr agus stair an Lucht Siúil, agus an chaoi ar féidir é a bhainistiú i bhfíor-shuíomhanna agus i bhfíor-am, a thaispeáint i ndáiríre. Féadann sé seo dearbhú a thabhairt do láithreacht fhiúntach na ngnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam foirmiúil agus neamhfhoirmiúil agus féadann sé an láithreacht sin a dhéanamh infheicthe freisin. Rinneadh an t-iniúchadh a thuairiscítear anseo thar thréimhse ghearr agus ba bheag am a bhí ann chun an cleachtas reatha i scoileanna agus i suíomhanna eile a fhiosrú. Céim thábhachtach a bheadh ann imscrúdú i bhfad níos doimhne a dhéanamh ar an gcleachtas i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile agus lear samplaí den dea-chleachtas a chruinniú ionas gur féidir iad a chur ar fáil tríd an gcineál tairsí a luadh níos luaithe.



## Na chéad chéimeanna eile

Foilseofar an t-iniúchadh ar líne agus scaipfear é ar gach páirtí leasmhar i dtreo dheireadh 2019. Mar fhreagairt ar an mír den iniúchadh roimhe seo, soláthraíonn na réimsí fiosrúcháin seo a leanas bealaí féideartha don Chomhairle amach anseo. Tá dlúthbhaint ag na moltaí lena chéile, cuireann siad lena chéile agus soláthraíonn siad cur chuige comhtháite chun teagasc agus foghlaim na ngnéithe de chultúr agus stair an Lucht Siúil a chur chun cinn níos mó i gcomhthéacs níos leithne na spriocanna oideachais idirchultúrtha agus uileghabhálaigh.

### Tionscnaimh agus tacaíochtaí atá ann cheana a aithint

Sna trí earnáil oideachais (luath-óige, bunscoil agus iar-bhunscoil), tá tionscnaimh dheonacha náisiúnta agus áitiúla ag imirt tionchar dearfach ar – agus ag tabhairt tacaíocht do – ghrúpaí mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil, chun rochtain a fháil ar an oideachas agus chun páirt a ghlacadh ann. Áirítear leis sin institiúidí oideachais atá i mbun taighde antraipeolaíoch agus taifeadadh ar chultúr agus stair an Lucht Siúil agus ar an Lucht Siúil iad féin, foinse stór eolais ó bhéal. Ach nasc a dhéanamh le heagraíochtaí agus le daoine aonair a bhfuil baint acu leis na tionscadail agus an taighde seo, aithneoidh CNCM na tacaíochtaí agus na tionscnaimh éagsúla atá ann agus fiosróidh sí conas is féidir tuilleadh feabhais a chur orthu, conas is féidir tacú leo agus conas is féidir iad a athchruthú. Sampla amháin is ea Clár na Brataí Buí a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le scoileanna a bheith níos cuimsithí maidir leis an uile chultúr agus eitneacht, éagsúlacht a cheiliúradh agus cur i gcoinne an chiníochais agus an leithcheala. Bheadh sé ina thairbhe dá gcuirfí Suíomhanna Luath-Óige san áireamh i gClár na Brataí Buí.

### Acmhainní agus ábhair atá ann cheana a aithint

Is féidir le CNCM acmhainní agus ábhair oiriúnacha a aithint – a ligeann don tuiscint agus don oideachas idirchultúrtha teacht chun cinn sa churaclam i suíomhanna agus i scoileanna. Cuimseofar sa chuardach seo freisin ábhair fheiliúnacha agus ábhair aoisoiriúnacha d'fhonn tacú leis an bhfoghlaim i dtaobh stair agus cultúr an Lucht Siúil. Tar éis a n-aitheanta, is féidir na hacmhainní a chur ar fáil mar shraith do níos mó múinteoirí, cleachtóirí luath-óige, tuismitheoirí agus ceannairí scoile. Cuideoidh bailiú na n-ábhar atá ann cheana le haithint na gcineálacha acmhainní agus ábhar tacaíochta nua nach mór a fhorbairt.

### Ag obair go díreach le scoileanna agus le suíomhanna luath-óige

Ag tosú in 2020, tá sé i gceist ag CNCM dul i gcomhar le roinnt scoileanna agus suíomhanna luath-óige a fhreastalaíonn ar pháistí agus ar scoláirí ó chúlraí éagsúla teangeolaíocha, cultúrtha agus eitneacha. Cruthóidh sé seo deiseanna chun dea-chleachtas a aithint a mbeidh mar bhonn agus taca aige prionsabail an chuimsithe, na Treoirlínte um Oideachas Idirchultúrtha (CNCM), agus foghlaim faoi stair agus cultúr an Lucht Siúil. Tabharfar cuireadh do na suíomhanna agus do na scoileanna a gcuid scéalta a roinnt maidir le himeascadh cohóirt éagsúil foghlaimeoirí ó ghrúpaí eitneacha difriúla, lena n-áirítear iad siúd ón Lucht Siúil. De bharr na bpríomhthéamaí a thiocfaidh chun cinn ón obair seo, beidh tuiscint níos fearr ar thorthaí, ar dheiseanna agus ar eispéiris foghlama fheabhsaithe na n-uile fhoghlaimeoir sna suíomhanna/scoileanna seo.

Cuid lárnach den obair seo ná deiseanna pleanáilte chun éisteacht le páistí agus scoláirí (agus cloisteáil uathu go díreach) faoina n-eispéiris foghlama – is é sin foghlaim faoina gcultúr agus faoina stair féin chomh maith le foghlaim faoi chultúr agus faoi stair daoine eile. Mar chuid de seo, déanfar scrúdú ar an tionchar dearfach agus ar an tionchar diúltach atá ag eiseamláirí agus steiréitíopaí ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste agus an scoláire. Ina theannta



sin, breathnófar ar an gcaoi ar féidir le gníomh cuí coincheapadh na n-eiseamláirí dearfacha a chur chun cinn. Iarrfar ar pháistí agus ar scoláirí a gcuid smaointe agus tuairimí a roinnt ar bhealach a oireann dá n-aois. Ar an mbealach seo, is féidir linn foghlaim faoi na dúshláin agus na deiseanna a thugtar dóibh sa chóras oideachais agus tuiscint níos fearr a fháil ar an mbearna idir beartas agus cleachtas. Rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí freisin d'fhonn cloisteáil faoi na próisis rannpháirtíochta i bhfoghlaim a bpáistí. Deis a bheidh ann scrúdú a dhéanamh ar an dearcadh agus ar an tuiscint atá ag tuismitheoirí ar a rannpháirtíocht; deis é fosta chun fiosrú a dhéanamh ar na naisc atá ann idir an suíomh/scoil agus an baile.

Mar thoradh ar an obair scoilbhunaithe / shuíomhbhunaithe seo, d'fhéadfadh CNCM dul i bpáirt leis na suíomhanna / scoileanna chun traidhfil ábhair thacaíochta bhreise a fhorbairt ina léireofar bealaí praiticiúla chun braistint féiniúlachta agus chómhuintearais an pháiste a fhorbairt agus a fheabhsú agus, i gcomhthráth, cuimsiú agus tuiscint ar chultúir agus ar chúlraí eitneacha éagsúla a chur chun cinn. De bhreis air sin agus go ginearálta, cuirfidh an cur chuige spriocdhírithe seo le suíomhanna agus le scoileanna eolas agus tacaíocht dhíreach ar fáil d'obair CNCM maidir le *Aistear*, an t-athbhreithniú ar an gcuraclam bunscoile agus an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach.



## Tagairtí


Foireann an Staidéir Sláinte Uile-Éireann maidir leis an Lucht Siúil (2010). *All Ireland Traveller Health Study. Our Geels. Summary of Findings*, Baile Átha Cliath: Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar fáil ar https://www.ucd.ie/t4cms/AITHS_SUMMARY.pdf

Taighde Sóisialta Brian Harvey (Brian Harvey Social Research) (2013). *Travelling with Austerity: Impacts of Cuts on Travellers, Traveller Projects and Services*. Baile Átha Cliath: Pavee Point Publications.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2016). *Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luathóige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ar https://aim.gov.ie/wp-content/uploads/2016/09/deandi-guidelines-an-chairt-eagsulachta-chomhionannais-agus-chuimsithe-agus-treoirlinte-maidir-le-curam-agus-oideachas-na-luath-oige.pdf

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002a). *Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i mBunscoileanna*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Faighte ó https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Oideachais/Treoil%C3%ADnte-d-Oideachas-an-Lucht-Taistil-i-mBunscoileanna.pdf

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002b). *Treoirlínte d'Oideachas an Lucht Taistil i Scoileanna Dara Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar https://assets.gov.ie/24938/2ab769ab6feb4008b643e52a0beca184.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Aire Lánpháirtíochta (2010). *Straitéis Oideachais Idirchultúrtha, 2010-2015*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ar https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Strait%C3%A9is-Oideachais-Idirchult%C3%BArtha/mig_intercultural_education_strategy_ir.pdf

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2017). *National Traveller and Roma Inclusion Strategy, 2017-2021*. Ar fáil ar www.justice.ie/en/JELR/National%20Traveller%20and%20Roma%20Inclusion%20Strategy,%202017-2021.pdf/Files/National%20Traveller%20and%20Roma%20Inclusion%20Strategy,%202017-2021.pdf

Tionscadal OFI ar www.dice.ie

Foilseacháin Rialtais (2018). AN BILLE UM CHULTÚR AGUS STAIR AN LUCHT SIÚIL SAN OIDEACHAS, 2018. An Bille um Chultúr agus Stair an Lucht Siúil san Oideachas, 2018 (Bille 71 de 2018). Ar fáil ar https://www.oireachtas.ie/ga/bills/bill/2018/71/

Foilseacháin Rialtais (2000). AN tACHT UM STÁDAS COMHIONANN. Ar fáil ar https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2000/8/gle/enacted/a800i.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2005). *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ab8a4d53-e595-44b4-9cf9-4ffa6113f6bd/Intercultural-Education-in-Primary-School_Guidelines_Gaeilge.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2006). *Intercultural Education in the Post-Primary School – Guidelines for Schools*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar https://ncca.ie/media/1976/intercultural_education_in_the_post-primary_school.pdf



Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA) (2006). *UNESCO Guidelines on Intercultural Education*. EOECNA: Páras Ar fáil ar www.ugr.es/~javera/pdf/DB2.pdf

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (1989). *An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh*. Sraith na gConarthaí de chuid na Náisiún Aontaithe, Imleabhar 1577. Ar fáil ar https://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions_reports/files/UNCRCIrish_0.pdf

Watson, D., Kenny, O. agus McGinnity, F. (2017). *A Social Portrait of Travellers in Ireland*. Sraith Taighde Uimhir 56. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Ar fáil ar https://www.esri.ie/system/files?file=media/file-uploads/2017-01/RS56.pdf